View in browser

28 Deireadh Fómhair 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 72






## COMÓRTAS DATHÚCHÁIN NA SAMHNA

D'eagraigh na hOifigigh Pleanála Teanga comórtas na Samhna i gcomhair le Scoileanna Chois Fharraige le gairid le ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Shamhna. Iarradh ar na gasúir maisiúcháin na Samhna a dhéanamh ar lógó an Fhóraim! D'éirigh go hiontach ar fad leis an gcomórtas agus ghlac ós cionn 250 scoláire páirt sa gcomórtas. Fógrófar na buaiteoirí sna scoileanna nuair a fhilleann na gasúir ó bhriseadh meán-téarma agus beidh saothar na mbuaiteoirí le feiceáil i Scéal, Scéal, Scéal... go gairid! Tá súil againn go bhfuil chuile dhuine ag baint taitneamh as na laethanta saoire. Oíche Shamhna Shona daoibh go léir!

## BISEACH 2021




Seoladh BISEACH 2021 le gairid agus tá neart ábhar léitheoireachta ann, idir stair áitiúil, seanchas, tuairimíocht, cúrsaí reatha agus go leor grianghraf mar is gnáth. San áireamh san iris i mbliana, atá curtha in eagar ag Lochlainn Ó Tuairisg, tá Luíochán An Spidéil 1921 le Cormac Ó Comhraí, Tóstal na Gaillimhe le Mike P. Ó Conaola, dán Seanchas Tom Sailí le Áine Durkin, gearrscéal le Meadhbh Ní Eadhra agus go leor eile nach iad! Tá altanna ann chomh maith faoi roinnt daoine a d'fhág a lorg ar Chois Fharraige agus a bhásaigh i gcaitheamh na bliana: An Dr Conall Mac Cuinneagáin, Séamus Ó Scolaí, Pádraig Ó hAoláin agus Timín Joe Tim Ó Curraidhín. Tá BISEACH 2021 ar fáil sna siopaí i gCois Fharraige agus ar líne ag www.cic.ie.

## SEIMINEÁR AN OIREACHTAIS

Beidh Seimineár an Oireachtais ar siúl ar an Satharn 30ú Deireadh Fómhair in Ionad Ché an Adhmaid. 'Éire Nua agus an Ghaeilge: Deiseanna agus Dúshláin in Éirinn Aontaithe' atá mar theideal ar sheimineár na bliana seo. Cuirfear tús leis an bplé ag 2:30i.n. Cé gur féidir freastal beo a dhéanamh ar an ócáid, tá rogha fíorúil ar fáil chomh maith. Iarrtar ar rannpháirtithe clárú roimh ré de bharr go bhfuil líon teoranta spásanna ar fáil. Is féidir clárú agus níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le cearta@cnag.ie

## GRADAM CUMARSÁIDE AN OIREACHTAIS

Comhghairdeachas ó chroí le Gormfhlaith Ní Thuairisg as Cois Fharraige a bhuaigh Craoltóir Solabhartha na Bliana ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais an tseachtain seo. 'Sí Gormfhlaith a chuireann an clár Adhmhaidin ar RTÉ Raidió na Gaeltachta i láthair chuile mhaidin ón 8r.n.-9r.n. Bronnadh gradam do Chlár Teilifíse na Bliana ar FÍBÍN, comhlacht ata lonnaithe in Indreabhán, don chlár Samhlú a craoladh sa mbliain 2020. Caith súil ar chuntas Facebook Oireachtas na Gaeilge leis na buaiteoirí eile a fheiceáil. Cá bhfios nach mbronnfar gradam nó dhó eile ar dhaoine as Cois Fharraige!






## FOLÚNTAS AG GAELOIDEACHAS

Tá Comhordaitheoir Cnuasaigh á lorg ag Gaeloideachas dá Scéim Phíolótach i Scoileanna Beaga. Post páirtaimseartha atá i gceist le cúig uair an chloig in aghaidh na seachtaine thar dhá bhliain, bunaithe ar bhféilire scoile. Is ceanneagraíocht í Gaeloideachas atá freagrach as an réimse Tumoideachas/Gaeloideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge a chur chun cinn. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh faoin bpost agus sainchuntas poist a fháil ach teagmháil a dhéanamh le foluntais@gaeloideachas.ie Glacfar le litir iarratais chomh maith le CV go dtí Dé hAoine 29 Deireadh Fómhair ar ríomhphost amháin.

## DEA-SCÉALTA DO NA HEALAÍONA CHOIS FHARRAIGE

Fógraíodh le gairid go bhfuil €90,000 á bhronnadh ag an gComhairle Ealaíon ar FÍBÍN, an comhlacht drámaíochta agus físe atá lonnaithe i mBaile na hAbhann. Cuirfear an t-airgead i dtreo cláir a dhíreoidh ar fhorbairt na healaíona i measc an aosa óig. Tháinig deascéala chuig an gcomhlacht foilsitheoireachta Futa Fata atá lonnaithe sa Spidéal, go mbeidh €40,000 á bhronnadh orthu i mbliana le tacaíocht a thabhairt don dea-obair a bhíonn ar siúl acu i réimse na litríochta. Tá deontas €40,000 eile le cur ar fáil do Stiúideo Cuan sa Spidéal, an chultúrlann nua atá á forbairt ar chúl na Ceardlainne. Osclófar Stiúideo Cuan go hoifigiúil le linn Féile Chois Fharraige agus 'An Cosán Draíochta,' á chur i láthair ann - seó ar leith atá curtha le chéile in ómós do Johnny Phádraig Pheter Ó Conghaile, le ceol a chum a mhac, Johnny Óg. Treise libh, a chairde.

## FÉILE CHOIS FHARRAIGE

Tá **Féile Chois Fharraige** ag teannadh linn! Mar chuid de chlár na féile, beidh **An Cosán Draíochta** le Johhny Óg Connolly ar siúl i Stiúideo Cuan ón gCéadaoin 17ú - Domhnach 21ú Samhain, beidh **Ceolchoirm Cholmcille** ar siúl ar an Satharn 20ú Samhain agus déanfar ceiliúradh ar shaothar Joe Steve Uí Neachtain sa seó **Le Cion ar Joe** ón Aoine 19ú - Domhnach 21ú Samhain. Chomh maith le sin, beidh imeachtaí don óige ar siúl le linn na féile - siúlóidí teaghlaigh, ollseisiún ceoil agus ceardlanna i scoileanna ar fud Chois Fharraige. Is féidir teagmháil a dhéanamh le feilechoisfharraige21@gmail.com má tá ceist ar bith agat nó más mian leat tacú le himeachtaí na féile. Cuirfear treoracha an Rialtais i leith sláinte poiblí i bhfeidhm go docht, agus caithfear teastas ar dheimhniú vacsaín nó deimhniú ar a bheith saor ó COVID a spáint.







## IS MAITH LIOMSA OÍCHE SHAMHNA

Scríofa ag Diarmad Ó Fátharta, Bliain a Dó (Coláiste Cholmcille)

Céard a scanraíonn tusa?
Céard a dhéanann tú, scread a ligean amach?

Céard a chuireann do ghruaig ina seasamh?
Céard a chuireann imní ort?
An maith leatsa bob na bia?
An oíche chiúin agus fuar.
An maith leat na héadaí scanrúla?
Nó na maisiúchán, fuil is cúr?
An mbíonn cóisir i do bhaile nó cathair,
Mura mbíonn, tá tú ag fanacht amach ón gcraic,
Is ansin atá na milseáin uilig,
Agus an fáinne sa mbairín breac.
Ach an traidisiún anseo i gConamara,
Ná na cluichí agus na feistis,
Ach tar éis an oíche scanrúil,
Bíonn níos mó milseáin ag teacht amach as ár mbéal in áit fuil.





## CÓISIR NA SAMHNA

Tá Cóisir na Samhna á reáchtáil ag Ionad Chultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc ar an Domhnach 31ú Deireadh Fómhair idir meánlae agus 2i.n. Is iomaí imeacht spraoiúil a bheas ar siúl ann, tóraíocht taisce ar Shlí na Coille, cluichí na Samhna agus scéalta scanrúla na Samhna á léamh ag Bernie Seoighe mar shamplaí! Beidh málaí beaga milseáin le fáil ag na gasúir chomh maith. Is féidir níos mó eolais a fháil ar leathanach Facebook an Ionaid.

## OÍCHE OIREACHTAIS TIGH CHUALÁIN

Cé nach mbeidh muintir Chois Fharraige ag freastal ar Oireachtas na Samhna i mbliana, tá ócáid speisialta á reáchtáil ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige agus Cumann Forbartha Chois Fharraige ar an Aoine 29ú Deireadh Fómhair, sa 'lounge' i dTigh Chualáin, An Choill Rua, le ceiliúradh áitiúil a dhéanamh ar chultúr dúchais na Gaeltachta agus chun deis a thabhairt do na hamhránaithe agus na ceoltóirí óga áitiúla teacht le chéile chun amhráin a chasadh, damhsa a dhéanamh, píosa aithriseoireachta, lúibín nó agallamh beirte a chur i láthair a gcairde agus a ngaolta. Beifear an-airdeallach faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus iarrtar ar dhaoine cloí leis na nósmhaireachtaí a bhfuil cleachtadh againn ar fad orthu.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.


Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294



Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta